

**Seiminear Mar Sraith An Teanga Beo
Le Chonradh na Gaeilge 1916**

Teach An Ard-Mheara Baile Atha Cliath

Dé Máirt, 26ú Eanáir, 2016, 7.30pm

Focail Mhichíl Mhic Dubhghaill

A Dhaoine Uaisle uile go leir

Is fíor-onóir domsa beith anseo anocht chun páirt a ghlacadh sa seimineár atá eagraithe ag Conradh na

Gaeilge mar cuid de chlár an Chonartha chun Éiri Amach 1916 a chomóradh.

Táimse an-buíochach daoibhse go léir as ucht bhúr gcuireadh cineálta beith páirteach libhse in imeachtaí an oíche seo.

Mar an garmhac is óige ag Eoin Mac Neill, is maith is eol domsa, agus is maith is eol dúinne go léir, an pháirt meánach do bhí ag an gConradh chun comhthéacs an Éiri Amach a chruthú ar an gcéad dul síos, agus príomh-pháirt na Conartha sa ghluaiseacht chun saoirse agus neamhspleáchas na h-Éireann ina dhiadh an Éiri Amach féin.

Sular bhunaíodh Óglaigh na h-Eireann i 1913 bhí an gluaiseacht sin fiche bliain ag fás ón am gur bunaíodh an Chonradh.

Do bhí a lán daoine comh-pháirteach sa mhúscailt aithne naisiúnach ina raibh athbheochan cultúrthach agus teangach comh maith le dúiseacht polaitiúil.

Anocht táimid a phlé *Tabbhacht na Gaeilge Don Fhéiniúlacht Éireannach*.

Caithimid a admháil nach bhfuil se go hiomlan soileir go bhfuil ach aon féiniúlacht amháin Éireannach ann in aon chor.

I 1999, do leasúigh muintir an Stáit seo Airteagail a Do is a Trí de Bhunreacht na hÉireann agus is mar seo atá na h-airtieagail sin anois:

“AIRTEAGAL 2

Tá gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, i dteideal, agus tá de cheart oidhreachta aige nó aici, a bheith

páirteach i náisiún na hÉireann. Tá an teideal sin freisin ag na daoine go léir atá cáilithe ar shlí eile de réir dlí chun bheith ina saoránaigh d'Éirinn. Ina theannta sin, is mór ag náisiún na hÉireann a choibhneas speisialta le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann.

AIRTEAGAL 3

Is í toil dhiongbháilte náisiún na hÉireann, go sítheach cairdiúil, na daoine go léir a chomhroinneann críoch oileán na hÉireann i bpáirt lena chéile, in éagsúlacht uile a bhféiniúlachtaí agus dtraidisiún, a aontú, á aithint gur trí mhodhanna síochánta amháin le toiliú thromlach na ndaoine, á chur in iúl go daonlathach, sa dá dhlínse san oileán, a dhéanfar Éire aontaithe a thabhairt i gcrích...”

Labhrhíonn Airteagal a Dó faoi “féiniúlacht agus oidhreacht” an Náisiún ach labhrhíonn Airteagal a Trí

faoi “*éagsulacht uile féiniúlachtaí agus traidisiún*”
daoine na hÉireann go léir.

An bhfuil féiniúlacht singil againne ar an oilean seo? No
an bhfuil meascán féiniúlachtaí ann i ndáiríre?

Bfhéidir go bhfuil féiniúlacht singil Éireannach ann ina
bhfuil fodh-féiniúlachtaí meascaithe le chéile.

Sílimse nach fíor a rá go bhfuil féiniúlacht na h-Éireann
go iomlán Gaelach. Cinnte tá dual Gaelach sa rópa
fhéiniúlach na hÉireann ach ta duail éagsula eile ann
freisin.

Nuair a bhí Padraig Mac Piarais a labhairt in aice uaighne
O Donnabháin Rossa, dúirt sé:

*“The clear true eyes of this man almost alone in his
day visioned Ireland as we of this day would surely*

have her; not merely free, but Gaelic as well; not merely Gaelic, but free as well”.

Bhi íoróin áirithe sna focail sin cé gur raibh se tar éis tagairt a dhéanamh do “*Tone’s definition*” agus “*Mitchel’s definition*” mar an míniú a thug sé féin ar saoirse na h-Éireann.

Agus níl se indéanta réiteach a dhéanamh idir fíis náisúnachais Thomas Davis agus fíis náisúnachais John Mitchel i dtaobh saoirse na hEireann ar thaobh amáin agus fíis saoirse agus féiniúlacht lán-Ghaelach don oileán go léir cibé ag an am sin no ag an am seo.

Dúirt me le déanaí ag Seoladh Chláir Cuimneacháin an Conartha go raibh me dóchasach go mbainfimid inanálu as ár stair, agus muidne ag comóradh an t-Éiri Amach agus na h-eachtraí éagsúla do tharla roimh an Éiri Amach agus ina dhiaidh, agus ag comóradh an lucht sin a bhí toilteach íobairt a dhéanamh dóibh féin chun ár n-oidhreacht agus ár dteanga a choimead slán beo agus a chaomhnú.

Ag an am chéanna, nílimid mar sclábhai don ár stair; ba cheart go saoraíonn agus go spreagann stair na daoine.

Cinnte, is muide mar oidhrí ar an Gaeilge agus ar ár gcultúr Gaelach agus cinnte freisin gur anois is linne an dúshlán iad a choimeád beo agus iad a chaomnú agus iad a fhorbairt i saol an náisiúin. Sé an dúshlán sin an dúshlán céanna a bhí roimh bunaithóirí na Conartha céad is fiche cuig bliain ó shin agus tá an dúshlán sin comh mór agus comh deacair inniu ná mar a bhí dósna bunaithóirí ag an am sin.

Sé an an mór-fhadhb céanna ata romhainne inniú ná mar a a bhí roimh Eoin Mac Néill, Padraig Mac Piarais agus Eamonn De Valera sa tréimhse sin – conas a spreagfaimid fíor-líofacht agus fíor-ghrá ar an Ghaeilge i gcroíthe gach dalta scoile tar éis deich mbliain á fhoghlam sa seomra ranga.

Agus tá sé i bhfad níos éasca cur síos a dhéanamh ar an bhfadhb ná é a réitiú.

Ach táimse féin I gcónaí dóchasach agus muiníneach go réiteoidimid an chruacheist sin sa todhchaí.

Tá slíthe nua againne chun an teanga a athbheochaint agus an teanga a chaomnú, agus chun an teanga a choimeád i lár ár gcroíthe agus i lár saol an náisiún.

Ó TG4 go Raidio na Life agus Raidio na Gaeltachta, le “*desk-top publishing*” agus leis an Idirlíon, agus le achmhainn daonna agus achmhainn airigidiúil, tá na meáin againn anois chun ár dteanga a choimeád in ár gcroíthe, in ár saolta laethiúil agus in ár gcultúr.

Ní shílimse go stopfaimid domhandacht no “*globalisation*” an Bhéarla i dtréimhse an Idirlíne, ach ag an am chéanna ní fhadhb nua dúinne anseo in Éirinn láidreach an Bhéarla.

Sílimse go mbeidh dá-theangachas mar an norm i ngach tír ar fud an domhain as seo amach.

Agus cathfimid in Éirinn ár bpolasaíthe i dtaobh na Gaeilge a thógaint ar bun an fhírinne sin agus ar bun na dáiríreachta sin.

Ni foláir dúinn beith mórchroíoch agus cuimsitheach i rith comóradh an Éiri Amach. Tá níos mó ná traidisiúin amháin no féiniúlacht ar an oileán seo.

Ni féidir le h-éinne diúltú go raibh cheangail mor idir an Chonradh agus an teanga Gaeilge agus an t-Éiri Amach.

Ag breathnú siar, sílimse nach raibh seans ar bith riamh go saorófaí ár dtírse in éagmuis bunú Conartha na Gaeilge.

Cé nach ionann iad Gaelachas agus Eireannachas, tá siad go iomlan ceangailte le chéile. Agus beidh an teanga

Gaelach i gconai mar príomh dual no sraith in ár bhféiniúlacht náisiúnta.

Arís, is mór an onóir dom beith páirteach sa Seiminéar Comortha seo sa Chlár 1916 an Chonartha.

Go raibh míle maith agaibh go léir.